Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2018
(OR. en)

12862/18

ELARG 56
NT 15
FIN 768

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	2 Deireadh Fómhair 2018
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	12261/18 ELARG 55
Ábhar:	Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2018 ón gCúirt Iniúchóirí: "*EU pre-accession assistance to Turkey: Only limited results so far*" [Cúnamh réamhaontachais ón Aontas don Tuirc: fós taobh le torthaí teoranta] – Conclúidí ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2018 ón gCúirt Iniúchóirí "*EU pre-accession assistance to Turkey: Only limited results so far*", [Cúnamh réamhaontachais ón Aontas don Tuirc: fós taobh le torthaí teoranta] arna nglacadh ag an gComhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an 2 Deireadh Fómhair 2018.

Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2018 ón gCúirt Iniúchóirí:
***EU pre-accession assistance to Turkey: only limited results so far* [Cúnamh réamhaontachais ón Aontas don Tuirc: fós taobh le torthaí teoranta]**

Gabhann an Chomhairle buíochas le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as a Tuarascáil Speisialta, Uimh. 7/2018, agus tugann aird chuí ar na conclúidí agus na moltaí inti. Tugann an Chomhairle dá haire gurbh é cuspóir an iniúchta measúnú a dhéanamh ar cheapadh agus ar éifeachtacht chur chun feidhme an chúnaimh réamhaontachais (IPA) ón Aontas don Tuirc. Scrúdaigh na hiniúchóirí na clárthréimhsí IPA I (2007-2013) agus IPA II (2014-2020). Is ar an smacht reachta, ar an rialachas, agus ar acmhainní daonna, mar réimsí tosaíochta, a dhírigh na hiniúchóirí. Cuireann an Chomhairle i dtreis a ábhartha atá torthaí an iniúchta chun IPA a bhainistiú, agus tugann sí dá haire ag an am céanna nár scrúdaigh na hiniúchóirí ach cur chun feidhme IPA I mar gheall ar an moill a bhain le cur chun feidhme IPA II.

Tugann an Chomhairle dá haire tátal foriomlán na Cúirte, is é sin nach raibh ach éifeachtacht theoranta ag IPA in ainneoin gur ceapadh cuspóirí IPA go maith. Is díol sásaimh don Chomhairle gurbh é an t-aschur a beartaíodh an toradh a bhí ar na tionscadail a iniúchadh ar an iomlán, in ainneoin na moille ar an gcur chun feidhme agus cé is moite de na tionscadail a bhain leis an smacht reachta, agus gur cuireadh faisnéis ábhartha ar fáil sna measúnuithe earnála ón gCoimisiún, ar an iomlán, lena bhféadfaí réimsí a shainaithint ina bhféadfaí cur chuige sin na hearnála a chur chun feidhme. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is ábhar imní di, tátal na Cúirte, inar dúradh nár tugadh aghaidh leordhóthanach, i dtéarmaí praiticiúla, ar roinnt bunriachtanas i gcúrsaí smachta reachta agus rialachais, nach raibh na measúnuithe earnála cuimsitheach i gcónaí, gur beag úsáid a baineadh as coinníollacht IPA mar thaca le próiseas an athchóirithe sna hearnálacha tosaíochta, gur tugadh easnaimh faoi deara i dtaobh an fhaireacháin a rinneadh ar an bhfeidhmíocht tionscadail, gur bhaol don inbhuanaitheacht ó tharla athchóirithe a bheith á ligean ar gcúl, agus nárbh ann don toil pholaitiúil i measc na n-údarás sa Tuirc. Ba dhíol imní freisin di gur cuireadh moill shuntasach ar IPA de bharr riaráistí forleathana sa chlársceidealú agus sa chur chun feidhme.

I bhfianaise an mhéid sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún na moltaí sonracha ón gCúirt chuig an gCoimisiún a chur chun feidhme go hiomlán, chun feabhas a chur ar cheapadh agus ar chur chun feidhme IPA sa Tuirc, trí úsáid na coinníollachta polaitiúla agus na coinníollachta tionscadail a mhéadú i measc nithe eile, trí dhíriú níos fearr ar chistí IPA faoi na cuspóirí atá leagtha síos, go háirithe i réimsí an smachta reachta agus na gceart bunúsach, trí fheabhas a chur ar na measúnuithe earnála agus ar fhaireachán na feidhmíochta tionscadail, agus trí riaráistí a laghdú trí bhainistiú indíreach a chur i bhfeidhm ar bhonn roghnach.

Gabhann an Chomhairle buíochas leis an gCoimisiún as an bhfreagra uaidh, a ghabhann le Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2018, agus is mór an díol sásaimh di gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí uile atá beartaithe agus go bhfuil aghaidh tugtha aige ar chuid de na moltaí sin cheana. Tuigeann an Chomhairle go ndéanfaidh an Coimisiún a mharana maidir leis an athfhócasú atá molta faoi chlársceidealú na bliana 2018 agus cuireann sí barúil an Choimisiúin i bhfios go láidir, is é sin nach ar leithdháileadh chistiú IPA amháin a bhraitheann an dul chun cinn i réimsí íogaire ach ar ní is tábhachtaí ná sin – toil pholaitiúil na n-údarás sa Tuirc. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún Coiste Bainistíochta IPA a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis na saincheisteanna a ardaítear i dTuarascáil Speisialta na Cúirte Iniúchóirí agus a áirithiú go dtugtar aird orthu ar bhealach córasach, lena n-áirítear le cruinnithe faoin gComhaontú Comhlachais, mar is iomchuí.

Ar deireadh, meabhraítear don Chomhairle, i gcomhréir leis na Conclúidí a d'eisigh sí roimhe seo maidir le Méadú agus maidir leis an bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, gur ar na príomhthosaíochtaí is ceart do IPA an fócas aige a choinneáil go ginearálta, tosaíochtaí amhail an smacht reachta agus cearta bunúsacha, agus comhsheasmhacht fheabhsaithe idir an cúnamh airgeadais agus an dul chun cinn foriomlán a dhéantar maidir le cur chun feidhme na straitéise réamhaontachais.